Coimisiún na Meán

# An Cód maidir le Seirbhís Meán

# An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála (Craoltóirí Raidió agus Teilifíse)

Dáta foilsithe: Samhain 2024

# Clár Ábhar

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **Réamhrá** | 4 |
| 2. | **Raon agus Dlínse** | 4 |
| 3. | **Cuspóir agus Cur i bhfeidhm an Chóid** | 4 |
| 4. | **Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód** | 5 |
| 5. | **Inscoiteacht** | 6 |
| 6. | **Tarscaoileadh** | 7 |
| 7. | **Comhlíontacht agus Forfheidhmiú** | 7 |
| 8. | **Gearáin** | 7 |
| 9. | **Treoir** | 8 |
| 10. | **Sainmhínithe Ginearálta** | 8 |
| 11. | **Eisiaimh** | 11 |
| 12. | **Cuspóirí an Chóid** | 11 |
| 13. | **Cumarsáid Tráchtála Thoirmiscthe** | 12 |
| 14. | **Forálacha ag a bhfuil feidhm maidir le gach Cumarsáid Tráchtála** | 13 |
| 15. | **Teicnící Fógraíochta Scáileáin Roinnte, Idirghníomhacha agus Fíorúla – Craoltóirí Teilifíse** | 16 |
| 16. | **Urraíocht, lena n-áirítear comórtais** | 16 |
| 17. | **Suíomh Táirgí – Teilifís Amháin** | 18 |
| 18. | **Alcól** | 20 |
| 19. | **Táirgí, Cóireálacha agus Seirbhísí Sláinte** | 22 |
| 20. | **Táirgí Cosmaide** | 25 |

21. Bia, Cothú agus Sláinte 25

22. Cóireálacha, Táirgí agus Seirbhísí Tanaithe 28

23. Áiseanna chun Scor den Tobac 29

24. Seirbhísí agus Táirgí Airgeadais 29

25. Cearrbhachas 30

26. Seirbhísí Teileachumarsáide Ardráta 31

27. Daoine Feasa, Seirbhísí Síceacha, etc. 31

Aguisín a hAon: 32

Sainmhínithe le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí Sonracha 32

Aguisín a Dó: Samhail Próifílithe Cothaitheach 35

# 1. Réamhrá

1.1 De bhun Alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (an "**tAcht**"), féadfaidh Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") cóid ("**cóid maidir le seirbhís meán**") a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí.

1.2 De bhun Ailt 46N(2) agus 46N(7) den Acht, féadfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán a dhéanamh lena bhforálfar do chaighdeáin agus cleachtais chun a áirithiú, i measc nithe eile, go gcosnófar le cumarsáid tráchtála leasanna an lucht féachana agus éisteachta.

1.3 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán lena bhforálfar do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10, 11, 15, Caibidil VI, agus Caibidil VII (seachas Airteagal 26) de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an "**Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**") (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le rialacha maidir le seirbhís meán).

1.4 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhís meán (an "**Cód**").

1.5 De bhun Alt 46N(11)(a) den Acht, lean an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála ó Údarás Craolacháin na hÉireann arna dhátú an 1 Meitheamh 2017 de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.

1.6 I gcomhréir lena chuid dualgas agus oibleagáidí reachtúla a leagtar amach thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún an Cód seo. Cuirtear an Cód in ionad an Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála 2017 ó Údarás Craolacháin na hÉireann, rud a chúlghairfear amhail ón 5 Samhain 2024, arb é sin an dáta a thagann an Cód seo in éifeacht.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Leis an gCód tugtar éifeacht d'Airteagail 6(1), 6a (1) go (3), 9, 10, 11 agus 22 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, a mhéid a bhaineann sé le craoltóirí.

2.2 Níl feidhm ag an gCód seo ach amháin maidir le craoltóirí faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht.

# 3. Cuspóir agus Cur i bhfeidhm an Chóid

## Cuspóir

3.1 Is é is cuspóir don Chód a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagail 6(1), 6a (1) go (3), 9, 10, 11 agus 22 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus na dualgais a leagtar amach faoin Acht (lena n-áirítear iad sin faoi Ailt 46J and 46M) a bhaineann le craoladh cumarsáide tráchtála ar a seirbhísí.

### Ullmhú an Chóid

3.2 De bhun Alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -

- an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gcláir.
- méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh craoltóir an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú lena ndéantar difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cód maidir le seirbhís meán.
- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Alt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis an gCód

4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Chóid, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3 Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífear leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith

ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith craoltóirí, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.

4.4 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún féachaint lena áirithiú trína shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh leo; agus (iii) go bhfeidhmeoidh siad go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.5 Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas inter alia:

- inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh i mbeartais agus cleachtais craoltóirí.

- soláthraithe seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a spreagadh chun cláir ardchaighdeáin, éagsúla agus nuálacha a sholáthar.

- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.

- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.6 De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

# 5. Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir áirithe) ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód nó cuid de, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

5.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, leanfaidh na forálacha uile eile agus/nó na codanna uile eile den Chód de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 6. Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'inneachar aon chuid den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an craoltóir a oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.

6.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

# 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1 De bhun Alt 46N(10) den Acht, beidh mainneachtain craoltóra an Cód a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2 Áiritheoidh craoltóir go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód a léiriú.

7.3 De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóirí cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an chraoltóra cód seirbhíse meán a chomhlíonadh.

# 8. Gearáin

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód seo. Molann Coimisiún na Meán do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir ar an gcéad dul síos mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.

8.2 Tá faisnéis faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.cnam.ie/ga) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.[1]

[1] I gcás cumarsáid tráchtála, oibríonn Údarás na gCaighdeán Fógraíochta (ASA) próiseas gearán neamhreachtúil. Déanann ASA measúnú ar ghearáin in aghaidh a Chóid Caighdeán um Fógraíocht agus Cumarsáid Margaíochta in Éirinn – féach https://adstandards.ie le haghaidh faisnéis bhreise.

# 9. Treoir

9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a sholáthar maidir le forálacha an Chóid arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá agus nuair a mheastar sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2 Ní mór a áireamh sna hiarrataí ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarraidh ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód, atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart a leagan amach inti an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith.

9.3 Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 10. Sainmhínithe Ginearálta

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear sa Chód seo, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht acu.[2]

ciallaíonn **"fógraíocht"** aon chineál craolta fógra cibé acu mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó craoladh chun críoch féinbholscaireachta arna dhéanamh ag gnóthas poiblí nó príobháideach nó duine nádúrtha i dtaca le trádáil, gnó, ceird nó gairm, chun soláthar earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, lena n-áirítear maoin dhochorraithe, cearta agus oibleagáidí, mar mhalairt ar íocaíocht.

ciallaíonn **"craoltóir"** soláthraí craoltaí fuaime nó craoltaí teilifíse.

ciallaíonn **"seirbhís craolacháin"** seirbhís a chuimsíonn tiomsú de bhunábhar clár d'aon chineál, rud a dhéantar a tharchur, a athsheachadadh nó a dháileadh trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go hindíreach chun go bhfaighidh an pobal i gcoitinne é ar bhealach atá comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach, cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an t-ábhar sin i ndáiríre, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealaithe agus líneach, ach ní áirítear leis sin:

(a) seirbhís a sholáthraítear ar bhealach neamhlíneach i gcás ina roghnaíonn gach úsáideoir den tseirbhís clár ó chatalóg de chláir, nó

(b) aon seirbhísí eile a sholáthraítear tríd an idirlíon, mura soláthraíonn an tseirbhís cláir chlosamhairc.

---

[2] Tá sainmhínithe a bhaineann le táirgí agus seirbhísí sonracha leagtha amach in **Aguisín a hAon.**

ciallaíonn **“glao ar cheannach”** ordú nó treoir don lucht féachana nó éisteachta chun idirbheart a dhéanamh i ndáil le táirge nó seirbhís. Is é a bheidh i gceist leis sin go minic ordú a úsáid amhail ceannaigh, déan ceannach, léasaigh, faigh, sínigh isteach, nó cuir in áirithe, nó briathra eile lena ndéantar cur síos ar earraí nó seirbhísí a fháil nó a cheannach.

ciallaíonn **“leanbh”** nó **“leanaí”** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois.

ciallaíonn **“cláir do leanaí”** cláir dá ngairtear sin de ghnáth agus/nó a bhfuil 50% de phróifíl a lucht féachana nó lucht éisteachta faoi bhun 18 mbliana d’aois. I gcás nach bhfuil sonraí i dtaca le comhdhéanamh an lucht féachana nó an lucht éisteachta ar fáil, maidir le hainm, ábhar, saintréithe, spriocLucht féachana agus éisteachta, agus sceidealú an chláir agus aon chur chun cinn a dhéantar ar an gclár, lena n-áirítear aon ardán a úsáidtear do chur chun cinn, bainfear úsáid as nó astu chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na cláir beartaithe do leanaí.

le **“cumarsáid tráchtála”** áirítear cumarsáid tráchtála fuaime agus chlosamhairc, agus ciallaíonn sé íomhánna (le fuaim nó gan fhuaim) nó fuaim amháin—

(a) atá deartha chun earraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, agus

(b) a áirítear i gclár nó in ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó atá ag gabháil leis sin, mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó chun críoch féinbholscaireachta.

Áirítear ar na cineálacha cumarsáide tráchtála, inter alia, fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóireacht, agus suíomh táirgí.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála chomparáideach”** cumarsáid tráchtála ina bhfuil sainaithint fhollasach nó intuigthe ar iomaitheoir nó táirgí nó seirbhísí a thairgeann iomaitheoir.

ciallaíonn **“trasphromóisin”** fógraí a dhéantar i dtaca le cláir agus táirgí coimhdeacha a dhíorthaíonn go díreach ó na cláir sin, a chraoltar gan íocaíocht nó comaoin chomhchosúil ar sheirbhís craolacháin seachas an ceann a chraolann na cláir, agus i gcás ina bhfuil na seirbhís craolacháin faoi úinéireacht agus faoi smacht an chraoltóra chéanna. Leis an téarma ‘coimhdeach’ tagraítear do tháirgí atá beartaithe go sonrach chun go bhféadfaidh an pobal féachana tairbhiú de na cláir, nó idirghníomhú leo, agus ní áirítear leis gníomhaíochtaí tráchtála an chraoltóra nach mbaineann le cláir nó táirgí coimhdeacha.

le **“teicníc idirghníomhach”** tagraítear do theicníc fógraíochta lena gceadaítear don bhreathnóir/don éisteoir idirghníomhú leis an gcraoladh teilifíse nó raidió ach an t-ábhar fógraíochta ar mhaith leis nó léi a bheith nochta dó a roghnú go gníomhach fad is mian leis nó léi. Le fógraíocht idirghníomhach, is féidir leis an mbreathnóir/leis an éisteoir eolas a sholáthar go díreach don chraoltóir nó don fhógróir trí chonair fillte agus/nó a bheith páirteach i dtimpeallacht idirghníomhach atá ar leithligh ó ábhar an chraoltóra.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála mhíthreorach”** cumarsáid tráchtála ina bhfuil aon ghné de chur i láthair labhartha nó físiúil lena gcuirtear ar míthreoir nó ar dócha go gcuirfí ar míthreoir léi, go díreach nó go hintuigthe, le gníomh nó le faillí, maidir le tuillteanais an táirge nó na seirbhíse a chuirtear chun cinn nó lena oiriúnaí atá sé nó sí chun na críche atá molta agus ar dócha, mar gheall ar a chineál nó a cineál míthreorach, go ndéanfar dochar do leasanna aon duine leis nó léi.

ciallaíonn**“clár páirtí polaitíochta”** clár a chraolann páirtí polaitíochta nó a chraoltar thar a cheann chun an páirtí polaitíochta a chur chun cinn.

Ciallaíonn **“suíomh táirgí”** aon chineál cumarsáide tráchtála closamhairc arb é atá i gceist táirge, seirbhís nó trádmharc de/di a áireamh, nó tagairt a dhéanamh dó/di, ionas gur gné de chlár nó d’fhíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí é, i gcomaoin íocaíochta nó comaoin den tsamhail sin.

ciallaíonn **“clár”** (a) sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim, nó (b) closábhar, arb éard atá i gceist i ngach cás mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bunú ag craoltóir, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úrnua.

ciallaíonn **“seirbhís craolacháin fuaime”** nó **“craoladh fuaime"** seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, inarb amhlaidh—

(a) atá príomhchuspóir na seirbhíse tiomanta do chláir fuaime a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a sholáthar, agus

(b) go gcuirtear an tseirbhís ar fáil le héisteacht go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár

le **“teicníc scáileáin roinnte”** tagraítear do theicníc lenar féidir ábhar eagarthóireachta agus eolas tráchtála a chur i láthair go comhuaineach ar an scáileán céanna, roinnte in dhá chuid nó níos mó.

ciallaíonn **“urraíocht”** aon ranníocaíocht arna déanamh ag gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó daoine nádúrtha nach bhfuil ag gabháil do sheirbhísí meán closamhairc nó seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthar ná do shaothair chlosamhairc a tháirgeadh chun maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí craolacháin, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí nó cláir d’fhonn ainm, trádmharc, íomhá, gníomhaíochtaí nó táirgí na ngnóthas nó na ndaoine sin a chur chun cinn.

ciallaíonn **“teicnící fo-thairseachúla”** aon ghléas teicniúil, lena dtapaítear an fhéidearthacht, trí íomhánna fíorghearr ó thaobh faid de a úsáid nó trí mhodh ar bith eile, teachtaireacht a sheoladh chuig baill de sprioclucht, féachana nó éisteachta nó tionchar a fheidhmiú ar bhealach éigin eile orthu, gan iad a bheith feasach nó lánfheasach faoin méid a rinneadh.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála fholaitheach”** léiriú i bhfocail nó pictiúir ar earraí, seirbhísí, ainm, trádmharc nó gníomhaíochtaí táirgeora earraí nó soláthraí seirbhísí i gcláir i gcás ina bhfuil an léiriú sin beartaithe ag an gcraoltóir le fónamh mar fhógraíocht agus go bhféadfadh sé go gcuirfí an pobal ar míthreoir leis faoina chineál. Measfar léiriúchán den sórt sin go sonrach a bheith d’aon ghnó má dhéantar é ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil.

ciallaíonn **“craoltóireacht teilifíse”** nó **“craoladh teilifíse”** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a sholáthraíonn craoltóir chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

ciallaíonn **“réamhfhógrán”** tiomsú sleachta ó chlár nó cláir atá le teacht.

ciallaíonn **“teicnící fíorúla”** teicnící fógraíochta lenar féidir le craoltóirí teachtaireachtaí tráchtála fíorúla a chur isteach go leictreonach i gcraoltaí tríd an gcomhartha féin a athrú, mar shampla, trí bhoird fógraíochta atá ann cheana a ionadú ar réimse nó íomhánna nua (e.g. tríthoiseacha) a fhorleagan.

# 11. Eisiaimh

11.1 Níl na heisiaimh seo a leanas ina gcineálacha cumarsáide tráchtála agus ní gá an Cód seo a chomhlíonadh ina leith. Beidh siad i gcomhréir leis an gCód um Chaighdeáin Clár ón gCoimisiún, áfach.

a) Maidir le ‘réamhfhógráin’ meastar gur cláir seachas cumarsáid tráchtála iad fad a bhaineann siad le cláir a bhíonn ar siúl ar an tseirbhís craolacháin chéanna. Maidir le réamhfhógráin do chláir ar sheirbhís craolacháin eile a chraoltar gan íocaíocht nó comaoin chomhchosúil, meastar gur trasphromóisin iad nuair atá na seirbhísí craolacháin faoi úinéireacht agus faoi smacht an chraoltóra chéanna.

b) Fógraí seirbhíse poiblí agus achomhairc do charthanas a chraoltar saor in aisce.

# 12. Cuspóirí an Chóid

12.1 Seo a leanas cuspóirí an Chóid: -

a) a áirithiú gur féidir leis an bpobal a bheith muiníneach go bhfuil cumarsáid tráchtála dlíthiúil, ionraic, macánta agus ina cosaint ar leasanna an lucht féachana nó éisteachta.

b) a áirithiú nach gcuirfear as do shláine eagarthóireachta craoltóirí trí chumarsáid tráchtála.

c) treoir a sholáthar don phobal i gcoitinne maidir leis na caighdeáin ar féidir súil a bheith aige leo ó chumarsáid tráchtála ar sheirbhísí craolacháin.

d) treoir shoiléir a sholáthar do chraoltóirí maidir leis na caighdeáin a gcloífear leo le cumarsáid tráchtála.

e) cód simplí, solúbtha agus cuimsitheach a sholáthar do chraoltóirí nach mbeidh ina bhac ar bhealach gan ghá ar a gceart chun teachtaireachtaí cumarsáide a chur in iúl.

# 13. Cumarsáid Tráchtála Thoirmiscthe[3]

13.1 Déanfaidh craoltóir bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh gach cumarsáid tráchtála i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn aon údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

13.2 Áiritheoidh craoltóir nach gcraolfaidh sé nó sí cumarsáid tráchtála:

a) atá folaitheach.

b) a úsáideann teicnící fo-thairseachúla.

c) a dhéanann dochar d'urraim ar dhínit an duine.

d) a áiríonn nó a chuireann chun cinn aon idirdhealú bunaithe ar ghnéas, bunús ciníoch nó eitneach, náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

e) a spreagann iompar atá díobhálach don tsláinte nó don tsábháilteacht.

f) a spreagann iompar atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil.

g) arb ann di do thoitíní agus táirgí tobac eile, chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta.

h) arb ann di do dheochanna alcólacha agus atá dírithe go sonrach ar leanaí nó a spreagann ól neamh-mheasartha na ndeochanna sin.

i) arb ann di do tháirgí íocshláinte agus cóireáil leighis nach bhfuil ar fáil ach ar oideas in Éirinn.

j) arb ann di do bhainne foirmle do naíonáin lena húsáid ag naíonáin le linn na chéad 6 mhí den saol.

k) atá dírithe ar chuspóir polaitíochta nó ag a bhfuil aon chaidreamh le díospóid thionsclaíoch mar a thoirmeasctar le hAlt 46M(2)(a) den Acht. Maidir leis an toirmeasc sin:

[3] Beidh craoltóirí ar an eolas go ndéantar aicmí cumarsáide tráchtála eile a thoirmeasc, a theorannú nó a shrianadh ar bhealach eile le forálacha reachtacha nó rialála seachas iad sin a leagtar amach sa chuid seo den Chód.

i. ní chuirfear cosc ar chraoltóir clár páirtí polaitíochta a chraoladh mar a shainmhínítear san Acht agus sa Chód seo ar choinníoll nach dtugann craoltóir tosaíocht mhíchothrom d'aon pháirtí polaitíochta, agus am á leithdháileadh do na cláir sin; agus

ii. níl feidhm aige maidir le cumarsáid tráchtála a chraoltar thar ceann an Choimisiúin Toghcháin i ndáil le ní dá dtagraítear in Alt 32 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 maidir le reifreann.

l) lena dtugtar aghaidh ar na tuillteanais nó eile a bhaineann le cloí le haon chreideamh nó creidiúint reiligiúnach, nó a bhaineann le bheith i do bhall d'aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach, mar a thoirmeasctar le hAlt 46M(2)(b) den Acht.

m) ina bhfuil aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é ar dóigh dó gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,[4] eadhon gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach. Is ní den chineál sin é an náisiúntacht gan dochar d'fhorálacha speisialta an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

n) áirítear aon ní ann a bhféadfaí a mheas le réasún gur iompar é a thagann faoi réim an choincheapa de bhriogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541.

o) ina n-áirítear ábhar arb é atá ann cion a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí de réir na brí a thugtar don téarma in Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE,

p) ina n-áirítear ábhar arb é atá ann cion a bhaineann le ciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle.

q) áirítear ann aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é is cúis le díobháil nó cion míchuí, nó ábhar a bhféadfaí a mheas le réasún gur de ghné é dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit.

# 14. Forálacha ag a bhfuil feidhm maidir le gach Cumarsáid Tráchtála

14.1 Áiritheoidh craoltóirí go ndéanfar sonraí ábhartha tairisceana atá i gcumarsáid tráchtála a shonrú ar bhealach soiléir intuigthe agus nach mbeidh siad i dtéacs lena gcuirtear fonóta, agus sin amháin, ar scáileán nó línte lipéid i ndeireadh cumarsáid tráchtála ar raidió.

[4] Áirítear leis sin baill den Lucht Siúil nó den phobal Romach, ach gan bheith teoranta dóibh.

14.2 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas, i leith eolas a chur i láthair i gcumarsáid tráchtála:

a) maidir le séantaí agus faisnéis lena gcuirtear réiltín nó fonóta, ní thiocfar salach ar ghnéithe níos suntasaí den teachtaireacht leo agus beidh siad suite agus curtha i láthair ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh siad infheicthe agus/nó inchloiste ar bhealach soiléir.
b) i gcás inarb indéanta, úsáidfear teanga shimplí ar féidir le héisteoirí agus breathnóirí í a thuiscint go héasca.

c) i gcás ina mbeidh an fhaisnéis i bhfoirm labhartha, ní mór di a bheith ar luas iomchuí ionas gur féidir ábhar aon fhaisnéise breise a sholáthraítear a thuiscint go soiléir.

d) agus teachtaireachtaí ar scáileán á n-úsáid, beidh craoltóirí eolach ar chumais éagsúla an phobail ó thaobh a chumais fhisiciúil agus oideachais chun téacs ar scáileán a léamh. Cuirfidh craoltóirí san áireamh freisin an t-am is gá chun an téacs sonrach a léamh agus a inléiteacht, lena n-áirítear an chodarsnacht idir an téacs agus an pictiúr cúlra taobh thiar de.

14.3 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfaidh láithreoirí nó pearsanra ar an aer táirgí nó seirbhísí a fhógairt nó a fhormhuiniú le linn ábhar eagarthóireachta. Ní theorannaítear leis sin barúil eagarthóireachta dhlisteanach i gcás inar féidir táirgí nó seirbhísí a athbhreithniú agus faoina bhféadfar tuairimí a thabhairt, mar shampla, i gclár maidir le gnóthaí tomhaltóirí nó athbhreithniú ar ábhair chultúrtha.

14.4 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála chomparáideach ina bhfuil comparáidí díreacha nó intuigthe le táirgí nó seirbhísí eile, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an gcomhshaol nó le hinbhuanaitheacht, a chuirtear táirgí nó seirbhísí i gcomparáid go hoibiachtúil, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le haon mhaíomh maidir leis na riachtanais chéanna a bheith á gcomhlíonadh leis na táirgí nó na seirbhísí sin nó lena bheith beartaithe chun na críche céanna.

14.5 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh pointí comparáide nó maíomh ó phríomhdhíoltóirí (e.g. maíomh á rá go bhfuil branda nó táirge ar an gceann is fearr) bunaithe ar fhíricí lenar féidir bunús a thabhairt. Ní roghnófar ábhar comparáide ar bhealach a fhágfaidh go dtabharfar buntáiste saorga nó éagórach do sholáthraí táirge nó seirbhíse.

14.6 I bhfianaise na féidearthachta atá ann go gcuirfí isteach ar bhreathnóirí agus éisteoirí le maisíochtaí fuaime i gcumarsáid tráchtála nó iad a scanrú, déanfaidh craoltóirí cúram ar leith agus maisíochtaí fuaime á gcur san áireamh amhail bonnáin, gutháin agus iad á mbualadh agus boinn screadacha. Ní áireofar iad i dtús cumarsáid tráchtála. Tá feidhm ag an gceanglas sin beag beann ar an áit a gcuirtear an chumarsáid tráchtála i mbriseadh fógraíochta i.e. cé acu i dtús, i lár nó i ndeireadh briseadh fógraíochta.

14.7 Breithneoidh craoltóirí na tosca seo a leanas i ndáil le sceidealú iomchuí cumarsáide tráchtála: am an chraolta; an cineál cláir; an cineál craoltóra; ionchais dhóchúla lucht féachana nó lucht éisteachta cláir nó craoltóra; cineál an táirge nó na seirbhíse atá á chur nó á cur chun cinn; agus méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó éisteachta.

14.8 Áiritheoidh craoltóirí nach léirítear ná nach ndéantar tagairt do dhaoine aonair beo i gcumarsáid tráchtála gan chead a fháil uathu. Aon tagairt do dhuine aonair den sórt sin, atá i bhfoirm caracatúir nó léirithe carachtair nach bhfuil faofa ag an duine i gceist, ní cheadaítear sin. Mar sin féin, féadfar tagairtí do dhaoine beo a dhéanamh i gcumarsáid tráchtála do leabhair, scannáin, cláir raidió nó teilifíse, nuachtáin, irisí etc., ina bhfuil na daoine dá dtagraítear sa chumarsáid, ar choinníoll nach bhfuil siad colúil nó míchruinn.

14.9 Áiritheoidh craoltóirí nach ríomhtar cumarsáid tráchtála chun eagla nach bhfuil call léi a spreagadh ar thaobh an bhreathnóra nó an éisteora. Aon dul i muinín eagla i gcumarsáid tráchtála ní mór údar a bheith leis i gcomhthéacs an táirge, na seirbhíse nó na gníomhaíochta a chuirtear chun cinn sa chumarsáid. Tabharfaidh craoltóirí aird ar leith ar oiriúnacht agus sceidealú na cumarsáide sin.

14.10 Áiritheoidh craoltóirí maidir le cumarsáid tráchtála, cé is moite díobh den chumarsáid lena gcuirtear chun cinn achomhairc ó charthanachtaí cláraithe nó feachtais na seirbhíse poiblí do shábháilteacht, sláinte, oideachas, etc., nach mbíonn daoine inti a chuireann cláir nuachta i láthair go rialta (e.g. feasacháin nuachta i dtús gach uaire agus feasacháin nuachta bhreisithe).

14.11 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh cumarsáid tráchtála lena mbaintear úsáid as teistiméireachtaí fíor, ábhartha, comhaimseartha agus go mbaineann sí leis an duine a thugann an teistiméireacht. Ní mór a shoiléiriú don lucht féachana nó éisteachta i gcás ina gcuireann aisteoir teistiméireacht fhíor i láthair. Coinneoidh an craoltóir fianaise dhoiciméadach ar theistiméireachtaí.

14.12 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh an teanga a úsáidtear i ndáil le ráthaíochtaí, barántaí agus earraí agus seirbhísí saor in aisce soiléir agus cinnte agus nach ndéanfar dochar di do chearta dlíthiúla tomhaltóirí. Ní bheidh tagairt dhíreach ná intuigthe in aon chumarsáid tráchtála a airbheartaíonn cearta dlíthiúla ceannaitheora a bhaint nó a laghdú.

14.13 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéantar cur síos ar tháirgí nó seirbhísí mar a bheith 'saor in aisce' mura soláthraítear na táirgí nó na seirbhísí ar chostas ar bith nó ar chostas breise ar bith (seachas an postas nó an táille iompair iarbhír) don fhaighteoir. Féadfar cur síos a dhéanamh ar thriail mar a bheith 'saor in aisce' fiú más gá don chustaiméir íoc as na costais a bhaineann leis na hearraí a chur ar ais, ar choinníoll go soiléirítear an méid sin sa chumarsáid.

14.14 Déanfaidh craoltóirí bearta réasúnta chun a áirithiú nach cosúil go mbeidh fógraíochtaí níos glóraí ná clársceidealú cóngarach. Bunóidh craoltóirí teorainneacha soiléire maidir le húsáid a bhaint as comhbhrú, teorannú agus cothromú de réir mar atá feidhm acu sin maidir le fógraí, i gcomhréir le dea-chleachtas.

### Leanaí

14.15 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú gurb amhlaidh maidir le hábhar atá i gcumarsáid tráchtála ar dhócha go gcuirfí as leis d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí, nach gcuirfear ar fáil é ach amháin ar bhealach a fhágfaidh nach gcloisfidh nó nach bhfeicfidh leanaí é de ghnáth.

14.16 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála nach ngríosaítear leanaí go díreach chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a fháil ar cíos trí theacht i dtír ar a neamhchleachtadh nó saontacht, iad a spreagadh go díreach chun a áitiú ar a dtuismitheoirí nó ar dhaoine eile na hearraí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach, teacht i dtír ar an muinín speisialta a chuireann leanaí i dtuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile, nó leanaí a léiriú ar bhealach míréasúnta i staideanna contúirteacha.

14.17 Áiritheoidh craoltóirí maidir le haon sonraí pearsanta faoi leanaí a bhailítear nó a ghintear ar bhealach eile le haon bhearta a dhéantar faoi chlásail 14.15 nach bpróiseálfar iad chun críoch tráchtála, amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht dírithe ar iompar.

# 15. Teicnící Fógraíochta Scáileáin Roinnte, Idirghníomhacha agus Fíorúla – Craoltóirí Teilifíse

15.1 Beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le craoltóirí teilifíse i leith aon úsáid a bhaintear as teicnící fógraíochta scáileáin roinnte, idirghníomhacha nó fíorúla: -

a) ceadaítear teicnící scáileáin roinnte i bhfógraíocht le linn bristeacha nádúrtha agus le linn teidil chreidiúna deiridh. Féadfar fógraíocht scáileáin roinnte a chur isteach freisin le linn cláir spóirt fadfhoirme nach bhfuil briseadh nádúrtha iontu e.g. Rásaíocht Fhoirmle a hAon.

b) le teicnící scáileáin roinnte i bhfógraíocht ní shárófar 50% de spás an scáileáin agus ní bheidh ach fógra scáileáin roinnte amháin ann in aon tráth amháin.

c) maidir le teicnící scáileáin roinnte agus fíorúla i bhfógraíocht, ní cheadaítear iad i gcláir nuachta nó cúrsaí reatha, saothair chineamatagrafacha, scannáin teilifíse nó craoltaí ar sheirbhísí reiligiúnacha.

d) le teicnící idirghníomhacha i bhfógraíocht ní thabharfar an lucht féachana nó éisteachta láithreach/go díreach chuig táirgí nó seirbhísí a fhógraítear. Tabharfar rabhadh do lucht féachana nó éisteachta ar bhealach iomchuí go bhfuil siad ar tí dul isteach i dtimpeallacht tráchtála idirghníomhach nach rialaítear leis an gCód seo. Déanfar sin trí phróiseas dhá chéim inarb amhlaidh nach mbeidh an breathnóir/an t-éisteoir in ann an t-ábhar idirghníomhach a rochtain ach amháin tar éis an dara céim.

# 16. Urraíocht, lena n-áirítear comórtais

16.1 Le seirbhísí craolacháin nó cláir ar a ndéantar urraíocht comhlíonfar na ceanglais seo a leanas: -

a) ní imreofar tionchar in aon imthosca ar a n-ábhar nó ar a sceidealú ar bhealach a d'fhágfadh go ndéanfar difear d'fhreagracht agus neamhspleáchas eagarthóireachta an chraoltóra.

b) ní bheidh siad ina spreagadh go díreach le hearraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíos, go háirithe trí thagairtí promóisin ar leith a dhéanamh do na hearraí nó do na seirbhísí sin mar chuid den socrú urraíochta.

c) sainaithneofar cláir urraithe go soiléir amhail ag tús, le linn agus/nó ag deireadh clár. Is féidir sainaithint a dhéanamh ar bhealach fuaimiúil nó físiúil lena n-áirítear tagairtí d'ainm an urraitheora, an táirge nó na táirgí nó an tseirbhís nó na seirbhísí dá chuid nó dá cuid, nó comhartha sainiúil air sin, mar shampla trí lógó agus/nó aon siombail eile den urraitheoir.

16.2 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh deighilt shoiléir ann idir urraíocht agus fógraíocht don lucht féachana nó éisteachta. Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh deighilt leordhóthanach ann idir fógraí urraíochta cláir foirmiúla atá sceidealaithe roimh bhristeacha fógraíochta agus fógraíocht le haghaidh tháirgí nó sheirbhísí an urraitheora a iompraítear i mbriseadh fógraíochta ar leithligh, nó ina ndiaidh.

16.3 Áiritheoidh craoltóirí nach gnóthais, arb é a bpríomhghníomhaíocht toitíní agus táirgí tobac eile chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta a mhonarú nó a dhíol, a dhéanfaidh urraíocht ar chláir.

16.4 Áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear chun cinn le socruithe urraíochta táirgí sonracha íocshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach ar oideas sa Stát. Mar sin féin, le socruithe urraíochta de chuid gnóthais a áirítear lena ngníomhaíochtaí táirgí íocshláinte agus cóireáil leighis a mhonarú nó a dhíol, féadfar ainm nó íomhá an ghnóthais a chur chun cinn.

16.5 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar urraíocht ar na cláir nuachta a sholáthraíonn siad.

16.6 Áiritheoidh craoltóirí nach é a bheidh i gceist le socruithe urraíochta ná fógraíocht, mar a shainmhínítear sa Chód seo. Go háirithe, le socrú urraíochta beidh an méid seo a leanas amhlaidh:

a) ní dhéanfar tagairtí promóisin ar leith leis do tháirge nó seirbhís e.g., tagairtí atá sonrach do dhíolacháin agus lascainí inchainníochtúla amhail laghdú 25%, tairiscintí péire ar leathphraghas etc., agus tagairtí do phráinn nó neasacht an phromóisin.

b) ní áireofar leis cóip fógraíochta, praghsanna, formhuinithe nó glao ar cheannach.

c) ní chuirfear béim mhíchuí leis ar tháirge nó seirbhís de chuid an urraitheora, cé go gceadaítear tagairt a dhéanamh do níos mó ná táirge nó seirbhís amháin.

16.7 Áiritheoidh craoltóirí nach é a bheidh i gceist le comórtais urraithe leis an lucht féachana agus éisteachta laistigh de chláir fógraíocht mar a shainmhínítear sa Chód seo. Le ceisteanna comórtais, sásraí iontrála agus duaiseanna, ní chuirfear béim mhíchuí ar an urraitheoir, go háirithe na saoráidí, na táirgí nó na seirbhísí dá chuid.

16.8 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh seans maith ann go mbuafaidh rannpháirtithe i gcomórtas urraithe agus cuirfidh craoltóirí eolas ábhartha ar fáil don lucht féachana agus éisteacha i ndáil leis, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta don mhéid seo a leanas:

a) conas dul isteach sa chomórtas.

b) amanna agus dátaí deiridh.

c) an bealach a roghnaítear buaiteoir.

d) na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha lena gcuirfí an iontráil ar neamhní nó lena gcuirfí toirmeasc ar bhuaiteoir an duais a ghlacadh.

e) conas rochtain a fháil ar shraith iomlán na dtéarmaí agus na gcoinníollacha i ndáil leis an gcomórtas.

f) aon athruithe ar théarmaí agus coinníollacha agus/nó próisis agus/nó duais an chomórtais.

16.9 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh socruithe urraíochta teoranta d'fhógraí lena ndearbhaítear an socrú urraíochta (e.g. "urraithe ag", "soláthartha duit ag", etc.) agus fógraí le haghaidh comórtais urraithe. I gcás na teilifíse, le tagairtí do tháirgí nó seirbhísí nó trádmharc, lena n-áirítear taispeáint lógónna nó brandála, a chuirtear san áireamh i ngníomhaíocht an chláir, is féidir freisin go gcomhlíonfar an sainmhíniú ar shuíomh táirgí.

### Teilifís Amháin

16.10 Áiritheoidh craoltóirí teilifíse nach ndéanfar urraíocht ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha.

16.11 Áiritheoidh craoltóirí teilifíse nach léirítear lógó urraíochta le linn na gclár faisnéise nó na gclár reiligiúnach a sholáthraíonn siad.

# 17. Suíomh Táirgí – Teilifís Amháin

17.1 Ceadófar suíomh táirgí i seirbhísí craolacháin amach ó na heisceachtaí a leagtar amach san alt seo.[5]

17.2 Áiritheoidh craoltóirí nach n-áireofar suíomh táirgí i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha, cláir gnóthaí tomhaltóirí, cláir reiligiúnacha agus cláir do leanaí.

17.3 Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas le cláir ina bhfuil suíomh táirgí: -

[5] Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, maidir leis an gcoincheap a bhaineann le 'socrú prapaí' (ina soláthraíonn tríú páirtithe táirgí nó seirbhísí lena n-áireamh laistigh de chlár teilifíse saor in aisce), baineadh den Chód é. Maidir leis na cásanna sin uile, meastar anois gur 'suíomh táirgí' atá iontu faoin alt seo.

(a) maidir le hábhar na gclár agus leis an eagrú laistigh de sceideal ní imreofar tionchar ar bith air sin faoi aon imthosca a d'fhágfadh go ndéanfaí difear do fhreagracht agus neamhspleáchas eagarthóireachta an chraoltóra.

(b) ní dhéanfaidh siad spreagadh díreach chun earraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíos, go háirithe trí thagairtí speisialta poiblíochta a dhéanamh do na hearraí nó do na seirbhísí sin.

(c) ní thabharfaidh siad tosaíocht mhíchuí don táirge atá i gceist.

(d) cuirfear breathnóirí ar an eolas ar bhealach soiléir faoi shuíomh táirgí a bheith ann ach é a aithint go soiléir i dtús agus i ndeireadh an chláir, agus nuair a thosaíonn clár arís tar éis sos fógraíochta, chun nach mbeidh aon mhearbhall ar an mbreathnóir.

17.4 Ar na teidil chreidiúna deiridh le haghaidh clár ina bhfuil suíomh táirgí, áireofar ainm na soláthraithe agus na dtáirgí, na seirbhísí etc. a sholáthraítear. Coimeádfaidh craoltóirí taifead ar chláir ina dtarlaíonn suíomh táirgí, an suíomh i ngach clár agus luach gach suímh ar leith. Ní mór an t-eolas a bheith ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin i gcomhthéacs monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht nó i gcásanna ina bhfiosraítear gearán. Ní mór an t-eolas a bheith ar fáil freisin i leith aon chláir neamhspleácha atá coimisiúnaithe ag an gcraoltóir.

17.5 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh sainaithint suímh táirgí i gcomhréir le haon cheanglais a fhoilsíonn agus a fhorordaíonn an Coimisiún ó am go chéile i leith chineál sainaitheanta an tsuímh táirgí i gclár, lena n-áirítear an téacs, an lógó, an mhéid, an dath, an cineál clófhoirne agus an teachtaireacht fuaime.

17.6 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh údar ó thaobh na heagarthóireachta de le suíomh táirgí in ábhar cláir. Maidir le comhtháthú táirgí, i gcás ina bhfuil ábhar cláir, lena n-áirítear snáitheanna scéil, curtha in oiriúint do tháirge, seirbhís nó saoráid a sholáthraítear trí shocrú suímh táirgí, ní cheadaítear sin. Maidir le suíomh téamach, i gcás ina bhfuil ábhar cláir, lena n-áirítear snáitheanna scéil, curtha in oiriúint do théama sonrach, e.g. creidimh, beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an tsoláthraí táirge nó seirbhíse, ní cheadaítear sin ach oiread.

17.7 Ní bheidh feidhm ag Ailt 17.3(d), 17.4, 17.5 agus 17.6 den Chód seo ach amháin maidir le cláir a bhí táirgthe nó coimisiúnaithe ag an gcraoltóir nó cuideachta atá comhcheangailte leis nó léi.

17.8 Áiritheoidh craoltóir nach ndéanfar suíomh táirgí orthu seo a leanas i gcláir:

a) táirgí tobac nó toitíní, chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta nó suíomh táirgí ó ghnóthais arb é a bpríomhghníomhaíocht na táirgí sin a mhonarú nó a dhíol.

b) táirgí sonracha íocshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach le hoideas sa Stát.

c) táirge nó seirbhís nach gceadaítear é nó í a chur chun cinn faoin gCód seo.

17.9 Ní bheidh feidhm ag na forálacha sa chuid seo ach amháin maidir le cláir a léirítear tar éis an 19 Nollaig 2009.

# Forálacha a bhaineann le táirgí agus seirbhísí sonracha

# 18. Alcól

**Tabhair faoi deara: San Acht Sláinte Poiblí (Alcól), 2018 tá ceanglais i ndáil le craoladh agus fógraíocht i leith alcóil. Tá cuid de na ceanglais sin le teacht i bhfeidhm fós. An 10 Eanáir 2025, tiocfaidh Alt 19 den Acht um Shláinte Phoiblí i bhfeidhm agus ní bheidh feidhm ag Alt 18(7)(c) den Chód seo a thuilleadh.** [6]

18.1 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa, lena n-áirítear an tAcht Sláinte Poiblí (Alcól), 2018 agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

18.2 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha dírithe ar bhrandaí a dhíol agus a shainaithint agus nach amhlaidh:

a) a bheidh sí dírithe go sonrach ar leanaí nó, go háirithe, a léireofar leanaí léi agus iad ag ól na ndeochanna sin;

b) a dhéanfar caitheamh alcóil a nascadh léi le feidhmíocht fhisiciúil fheabhsaithe nó tiomáint;

c) a thabharfar le tuiscint léi go gcuirtear le rath sóisialta nó gnéasach trí alcól a ól;

d) a mhaítear go bhfuil tréithe teiripeacha ag alcól nó gur spreagthach nó támhachán é nó bealach chun coinbhleachtaí pearsanta a réiteach;

e) a dhéantar léi caitheamh míchuibheasach alcóil a spreagadh nó staonadh nó maolú a chur i láthair ar bhealach diúltach;

f) a chuirtear béim ar chion alcóil ard mar a bheith ina thréith dhearfach de na deochanna;

g) atá maíomh sláinte nó maíomh cothaithe inti do dheochanna ina bhfuil níos mó ná 1.2% AbV, seachas iad sin lena dtagraítear do laghdú ar an gcion alcóil nó fuinnimh.

[6] Ina dhiaidh sin, cuirfear toirmeasc ar chumarsáid tráchtála faoi alcól ar sheirbhísí cláir teilifíse idir 03.00 am agus 9.00 pm agus cuirtear toirmeasc ar chumarsáid tráchtála faoi alcól ar sheirbhísí craolacháin fuaime ar laethanta i rith na seachtaine idir (a) meán oíche agus 10.00 am, agus (b) 3.00 pm agus meán oíche. Ar mhaithe leis an iomláine, le cumarsáid tráchtála le haghaidh craoladh alcóil lasmuigh den tréimhse tairsí atá le teacht, is gá na rialacha faoin gcuid seo a chomhlíonadh.

18.3 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála don mhéid seo a leanas:

(a) deochanna ina bhfuil cion alcóil 25% AbV agus os a chionn e.g. vodca, uisce beatha, tequila, rum, jin, branda, etc.; nó

(b) mianraí meisciúla, deochanna biotáille réamh-mheasctha agus táirgí den chineál céanna.

Leis an riail sin ní thoirmeasctar cumarsáid tráchtála do licéir ina bhfuil cion alcóil is lú ná 25% AbV.

18.4 Ceadaítear do chraoltóirí imeachtaí nó gníomhaíochtaí chun cumarsáid tráchtála a chur chun cinn ag a bhfuil urraíocht alcóil. Is féidir go ndéanfar tagairt d'urraitheoir an imeachta nó na gníomhaíochta agus táirge nó táirgí an urraitheora sa chumarsáid tráchtála ach ní bheidh sé nó siad níos feiceálaí ná an t-imeacht nó an ghníomhaíocht atá á cur chun cinn.

18.5 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cláir spóirt agus feasacháin spóirt, arna ndéanamh nó arna gcoimisiúnú ag an gcraoltóir, lena n-áirítear comórtais laistigh de chláir spóirt atá léirithe nó coimisiúnaithe ag an gcraoltóir, nach gcuirfear brandaí alcóil chun cinn go díreach leo.

18.6 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le míreanna fógraíochta bristeacha solus/feadóige le linn cláir spóirt nach gcuirfear brandaí alcóil chun cinn iontu. Is é atá le tuiscint as míreanna solus/feadóige gur míreanna fógraíochta aonair nó ar leith iad ag leath-am nó lán-am i gclúdach cláir ar imeacht spóirt.

18.7 Áiritheoidh craoltóir gurb amhlaidh, i dteannta na gceanglas a leagtar amach thuas, a chomhlíonfar na ceanglais seo a leanas le cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha:

a) ní dhéanfar í a chraoladh i gcláir do leanaí nó thart orthu.

b) ní dhéanfar í a chraoladh ach i gcláir, nó thart orthu, a bhfuil próifíl daoine fásta a lucht féachana nó éisteachta cothrom le 75% nó níos mó.

c) ní dhéanfar í a chraoladh idir 6am agus 10am.

18.8 Áiritheoidh craoltóirí, i gcás ina bhfuil fógraíocht alcóil ceadaithe, go mbeidh sí teoranta do 25% ar a mhéad d'am fógraíochta díolta agus nach mbeidh ach ceann as ceithre fhógraíocht le haghaidh deochanna alcólacha ceadaithe ar feadh an lae craolacháin. Ní féidir le níos mó ná dhá fhógraíocht le haghaidh deochanna alcólacha a bheith in aon bhriseadh fógraíochta.

18.9 Sainaithneoidh craoltóirí na cláir lena mbaineann cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha agus foilseoidh siad an liosta sin ar shuíomh gréasáin arna choinneáil ag an gcraoltóir.

18.10 Cuirfidh craoltóirí Cód Iompair i bhfeidhm le haghaidh a láithreoirí agus áiritheoidh siad go gcuirfear cosc ar ábhar cainte lena gcuirtear cuma na mealltachta chun cinn nó lena spreagtar ró-thomhaltas nó mí-úsáid. Foilseoidh gach craoltóir an Cód sin ar shuíomh gréasáin a choinníonn sé agus cuirfidh sé cóip den Chód ar fáil go coitianta.

# 19. Táirgí, Cóireálacha agus Seirbhísí Sláinte

Le “táirgí, cóireálacha agus seirbhísí sláinte” áirítear na téarmaí seo a leanas, ar féidir teacht ar shainmhínithe orthu in **Aguisín a hAon** den Chód seo:

- táirge íocshláinte
- feiste leighis
- cóireálacha agus seirbhísí leighis
- cóireálacha agus seirbhísí cosmaide

19.1 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí, cóireálacha nó seirbhísí sláinte atá beartaithe chun aon ghearán, riocht, siomptóm nó galar tromchúiseach a chóireáil, ar cheart dul chuig cleachtóir leighis cláraithe ina leith. Chun aon amhras a sheachaint, ní chuirtear toirmeasc ar chumarsáid tráchtála le haghaidh feachtais vacsaínithe a d’fhormheas an tAire Sláinte, nó feachtais faoi ghalair nach bhfuil aon tagairt iontu do tháirgí íocshláinte.

19.2 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon ábhar i gcumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí, cóireálacha agus seirbhísí sláinte atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí.

19.3 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon ábhar i gcumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí, cóireálacha agus seirbhísí sláinte:

a) a cumadh chun eagla a chur ar an lucht féachana nó éisteachta go bhféadfaidh siad, gan chóireáil, a bheith thíos, nó a bheith thíos ar bhealach níos déine, le haon ghearán, riocht, siomptóm nó galar tromchúiseach.

b) lena n-úsáidtear i dtéarmaí míchuí, scanrúla nó míthreoracha, léirithe pictiúrtha ar athruithe i gcorp an duine de dheasca galair nó gortú, nó de dheasca gníomh táirge, cóireála nó seirbhíse sláinte ar chorp an duine nó codanna de.

c) lena dtagraítear, i dtéarmaí míchuí, scanrúla nó míthreoracha, do mhaímh maidir le téarnamh.

d) lena spreagtar úsáid neamhriachtanach, neamh-idirdhealaitheach, neamhréasúnach agus/nó iomarcach ar tháirge, cóireáil nó seirbhís sláinte.

e) lena dtugtar le fios nach bhfuil gá le comhairliúchán leighis nó gnáthamh máinliachta, go háirithe, trí dhiagnóis a thairiscint nó cóireáil a mholadh tríd an bpost (lena n-áirítear post, teileafón, ríomhphost agus meán cumarsáide leictreonach eile).

f) as a bhféadfadh, trí chur síos nó léiriú mionsonraithe ar shaintuairisc, féindiagnóis teacht.

g) lena moltar gur féidir sláinte an duine is ábhar a fheabhsú trí tháirge, cóireáil nó seirbhís sláinte a úsáid.

h) lena moltar go bhféadfaí difear a dhéanamh do shláinte an duine is ábhar ach gan úsáid a bhaint as táirge, cóireáil nó seirbhís sláinte (níl feidhm aige sin maidir le cumarsáid tráchtála d'fheachtais vacsaínithe atá formheasta ag an Aire Sláinte).

i) ina bhfuil úsáid nach bhfuil call léi agus atá neamh-idirdhealaitheach á baint as focail amhail "sábháilte", "gan riosca", "neamhdhíobhálach", nó téarmaí den chiall chéanna i dtaca le táirge, cóireáil nó seirbhís sláinte.

j) lena moltar gurb é is cúis le sábháilteacht nó éifeachtúlacht an táirge, na cóireála nó na seirbhíse sláinte gur de chineál nádúrtha é.

k) lena n-áirítear maímh áibhéalacha, go háirithe, trí theistiméireachtaí nó fianaise eile atá neamhionadaíoch ar éifeachtacht táirge, cóireála nó seirbhíse sláinte a roghnú.

l) lena dtagraítear do mholadh ó eolaithe, gairmithe sláinte nó daoine nach aon duine de na daoine roimhe seo atá iontu ach a d'fhéadfadh, de bharr stádas duine cháiliúil a bheith acu, úsáid táirge, cóireála nó seirbhíse sláinte a spreagadh.

m) lena dtugtar le tuiscint gur comhairle nó moladh gairmiúil atá á thabhairt ag na daoine sa chumarsáid tráchtála agus a chuirtear i láthair, cibé acu iarbhír nó go hintuigthe, mar a bheith cáilithe chun an chomhairle nó an moladh sin a thabhairt.

n) lena dtagraítear d'ospidéal, clinic, coláiste, institiúid, saotharlann nó comhlacht comhchosúil eile mura rud é gurb amhlaidh is ann do bhunaíocht bona fide a chomhfhreagraíonn don chur síos a úsáidtear.

o) lena dtagraítear do dhochtúirí murab iomchuí i gcomhthéacs na cumarsáide tráchtála.

p) lena dtagraítear do dhuais, comórtas nó scéim chomhchosúil nó lena dtairgtear táirge, cóireáil nó seirbhís sláinte mar dhuaiseanna i gcomórtas.

19.4 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh cumarsáid tráchtála lena gcuirtear chun cinn leapacha gréine agus bothanna griandathúcháin i gcomhréir le haon treoir, rialacha nó rialacháin a fhorordaíonn an tAire Sláinte maidir le heolas agus cleachtais mhargaíochta a cheadaítear do leapacha gréine.

## Táirgí Íocshláinte agus Feistí Leighis

19.5 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí íocshláinte agus feistí leighis i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha uile na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte.

19.6 Ní chraolfaidh cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí íocshláinte ar oideas amháin, drugaí rialaithe nó substaintí sícighníomhacha.

19.7 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí íocshláinte nó feistí leighis atá beartaithe chun aon ghearán, riocht, siomptóm nó galar tromchúiseach a chóireáil, ar cheart, i ndáiríre, dul chuig cleachtóir leighis cláraithe ina leith. Níl feidhm ag an riail sin maidir le cumarsáid tráchtála le haghaidh feachtais vacsaínithe atá formheasta ag an Aire Sláinte. Níl feidhm ag an riail sin maidir le feachtais feasachta i leith shláinte an duine nó galar ar choinníoll nach ndéantar aon tagairt, go hindíreach fiú, do tháirgí íocshláinte.

19.8 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála le haghaidh na dtáirgí íocshláinte uile ach amháin i gcás ina mbeidh údarú margaíochta nó deimhniú ar chlárú úsáide traidisiúnta nó ina mbeidh siad cláraithe/deimhnithe ag údarás inniúil ábhartha.

19.9 Áiritheoidh craoltóirí nach gcraolfar cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí íocshláinte mura rud é:

a) go mbeidh na codanna uile den chumarsáid sin i gcomhréir leis na sonraí a leagtar amach san achoimre ar thréithe táirge don táirge.

b) go spreagfar úsáid réasúnta táirgí íocshláinte ach iad a chur i láthair go hoibiachtúil agus gan áibhéil a dhéanamh faoina n-airíonna.

c) nach mbeidh siad míthreorach.

19.10 Áiritheoidh craoltóirí go dtabharfar le fios go soiléir le cumarsáid tráchtála do tháirgí íocshláinte gur fógraíocht atá sa teachtaireacht, agus go bhfuil na táirgí sainaitheanta go soiléir mar tháirgí íocshláinte. Ar a laghad, cuirfear an t-eolas seo a leanas san áireamh:

a) ainm an táirge íocshláinte.

b) mura bhfuil ach comhábhar gníomhach amháin ann, gnáthainm an táirge íocshláinte.

c) an fhaisnéis is gá chun úsáid cheart a bhaint as an táirge íocshláinte.

d) cuireadh sainráite agus inléite chun na treoracha ar an mbileog atá laistigh den phacáiste nó ar an lipéad, de réir mar a bheidh, a léamh go cúramach.

e) más táirge íocshláinte luibhe traidisiúnta atá ann, na focail seo a leanas "Táirge íocshláinte luibhe traidisiúnta atá le húsáid i" agus ráiteas ina dhiaidh sin maidir le léiriú teiripeach amháin nó níos mó le haghaidh an táirge atá comhoiriúnach le téarmaí an deimhnithe ar chlárú úsáide traidisiúnta don táirge sin, agus na focail "bunaithe ar úsáid sheanbhunaithe amháin" ina dhiaidh sin.

19.11 Le halt 19.9 ní chuirtear cumarsáid tráchtála i bhfeidhm maidir le táirge íocshláinte nach bhfuil beartaithe ach mar mheabhrú, mura bhfuil ach an méid seo a leanas sa chumarsáid tráchtála: ainm an táirge nó an t-ainm nó an trádmharc neamhdhílsithe idirnáisiúnta (nó i gcás táirge íocshláinte hoiméapatach atá faoi réir deimhniú ar chlárú, ainm eolaíoch an stoic nó na stoc nó a ainm cumtha); agus, comhairle chun na treoracha a léamh go cúramach ar an mbileog atá laistigh den bhileog, nó ar an lipéad den táirge íocshláinte, de réir mar a bheidh.

### Táirgí, Cóireálacha agus Seirbhísí Sláinte (seachas Táirgí Íocshláinte agus Feistí Leighis)

19.12 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh i gcumarsáid tráchtála do hiopnóis, hipniteiripe, síciatracht, síciteiripe, cóireálacha cosmaide, seirbhísí cosmaide agus seirbhísí den chineál céanna ach amháin seoladh an tsoláthraí seirbhíse agus cur síos fíorasach ar na táirgí, na cóireálacha agus na seirbhísí atá ar fáil agus ní bheidh aon ní iontu a bhféadfaí a mheas gur spreagadh díreach atá ann chun na seirbhísí a úsáid.

19.13 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála maidir le hiopnóis, hipniteiripe, síciatracht, síciteiripe, cóireálacha cosmaide, seirbhísí cosmaide agus seirbhísí den chineál céanna atá beartaithe chun aon ghearán, riocht, siomptóm nó galar a chóireáil, ar cheart, i ndáiríre, dul chuig cleachtóir leighis cláraithe ina leith.

## 20. Táirgí Cosmaide

20.1 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí cosmaide i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha uile na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

20.2 Ní bheidh ábhar i gcumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí cosmaide amhail téacs, ainmneacha, trádmhairc, pictiúir agus comharthaí fíoracha nó eile, lena dtabharfar le fios go mbaineann saintréithe nó feidhmeanna leis na táirgí sin nach bhfuil acu.

## 21. Bia, Cothú agus Sláinte

Tá feidhm ag an gcuid seo maidir leis na sainmhínithe seo a leanas ar féidir teacht orthu in **Aguisín a hAon** den Chód seo:

- bia
- bainne foirmle do naíonáin
- foirmle leantach
- maíomh sláinte
- Bianna HFSS

- maíomh cothaithe

21.1 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh eolas faoi bhia[7] i gcumarsáid tráchtála cruinn, soiléir agus intuigthe agus nach gcuirfear duine ar míthreoir leis maidir le saintréithe an bhia nó a éifeachtaí nó a saintréithe. Le heolas faoi bhia ní shannfar d'aon bhia go bhféadfaí galar daonna a chosc, a chóireáil nó a leigheas leis, ná ní thagrófar do na hairíonna sin ina leith, faoi réir maoluithe a fhoráiltear le dlí na hEorpa atá infheidhme maidir le huiscí mianraí nádúrtha agus bianna le haghaidh úsáidí cothaitheacha ar leith.

### Maímh Shláinte agus Chothaithe

21.2 Áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear cumarsáid tráchtála a bhaineann le hairíonna íocshláinte ar fáil ach i gcás ina n-aithnítear na bianna sin go dlíthiúil mar tháirge íocshláinte. Beidh an chumarsáid sin i gcomhréir le hAlt 19 den Chód seo.

21.3 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála ina bhfuil maímh chothaithe agus shláinte a dhéantar i leith bianna i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha uile na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

21.4 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh maímh chothaithe agus shláinte i gcumarsáid tráchtála bunaithe ar shonraí eolaíocha a nglactar leo go ginearálta agus lena dtugtar bunús, agus go mbeidh siad comhsheasmhach le prionsabail chothaithe agus shláinte a nglactar leo go ginearálta.

21.5 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar maímh chothaithe agus shláinte i gcumarsáid tráchtála i gcás nach bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go dtuigfeadh an gnáth-thomhaltóir na héifeachtaí tairbheacha a léirítear sa mhaíomh.

21.6 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le maímh chothaithe agus shláinte a úsáid i gcumarsáid tráchtála:

a) ní áirítear faisnéis bhréagach, athbhríoch nó mhíthreorach leo.

b) ní bheidh siad ina n-ábhar amhrais faoi shábháilteacht agus/nó leordhóthanacht chothaitheach bianna eile.

c) níl siad ina spreagadh ná ina dtaca le róchaitheamh bia.

[7] Mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, ciallaíonn 'eolas faoi bhia' eolas a bhaineann le bia agus a chuirtear ar fáil don tomhaltóir deiridh trí mheán lipéid, ábhar tionlacain eile, nó aon mhodh eile, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta comhaimseartha nó cumarsáid ó bhéal.

d) ní shonraítear leo gur féidir méideanna iomchuí cothaitheach a sholáthar i gcoitinne le haiste chothrom agus ilchineálach bia, ní thugtar an méid sin le fios leo ná ní thugtar an méid sin le tuiscint leo, faoi réir maoluithe dá bhforáiltear le dlí na hEorpa.

e) ní thagraítear leo d'athruithe i bhfeidhmeanna colainne a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heagla sa tomhaltóir nó a d'fhéadfadh teacht i dtír uirthi ann nó inti, is é sin i bhfoirm téacs nó trí léirithe pictiúrtha, fuaime, grafacha nó siombalacha.

21.7 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh an t-eolas uile seo a leanas san áireamh i gcumarsáid tráchtála ina ndéantar maíomh sláinte:

a) ráiteas lena léirítear an tábhacht a bhaineann le haiste ilchineálach bhia agus stíl mhaireachtála shláintiúil.

b) an méid bia agus pátrún an chaithimh is gá chun an éifeacht thairbhiúil a mhaítear a bhaint amach.

c) i gcás inarb iomchuí, ráiteas atá dírithe ar dhaoine ar cheart dóibh úsáid an bhia a sheachaint.

d) rabhadh iomchuí le haghaidh táirgí ar dócha go mbeidh riosca sláinte ag baint leo má chaitear an iomarca díobh.

21.8 Áiritheoidh craoltóirí nach gceadófar na maímh shláinte seo a leanas i gcumarsáid tráchtála:

a) maímh lena dtugtar le fios go bhféadfaí difear a dhéanamh do shláinte ach gan an bia a chaitheamh.

b) maímh lena dtagraítear do ráta nó méid na cailliúna meáchain.

c) maímh lena ndéantar tagairt do mholtaí ó dhochtúirí nó gairmithe sláinte ar leith agus comhlachais eile nach bhfuil cláraithe/deimhnithe ag údarás inniúil ábhartha.

21.9 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh aon mhaíomh i gcumarsáid tráchtála go laghdófar riosca galair i gcomhréir le reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann agus go mbeidh ráiteas orthu freisin lena léireofar go bhfuil tosca riosca iomadúla ag an ngalar dá dtagraítear leis an maíomh agus go mb'fhéidir go mbeadh nó nach mbeadh éifeacht thairbhiúil ann dá n-athrófaí ceann de na tosca riosca sin.

## Foirmle Leantach

21.10 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh foirmle leantach i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha uile na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

21.11 Beidh cumarsáid tráchtála le haghaidh foirmle leantach i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

a) soláthrófar léi an fhaisnéis is gá faoi úsáid iomchuí na dtáirgí, ionas nach gcuirfear in aghaidh cothú cíche agus ní mholfar léi, go díreach ná go hintuigthe, go bhfuil an táirge sin níos fearr ná cothú cíche.

b) léireofar léi go soiléir mí-oiriúnacht an táirge seo do naíonáin faoi bhun sé mhí.

c) ní úsáidfear léi na téarmaí ‘daonnaithe’, ‘matharthaithe’, ‘oiriúnaithe’ nó téarmaí den chineál céanna.

d) dearfar í ar bhealach lena seachnófar aon riosca mearbhaill idir bainne foirmle do naíonáin agus foirmle leantach agus lena gcumasaítear do thomhaltóir idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu, go háirithe maidir leis an téacs, na híomhánna agus na dathanna a úsáidtear.

### Bia agus Deochanna ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS)[8]

21.12 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh a bheidh 25% ar a mhéad d’am fógraíochta díolta agus nach mbeidh ach fógra amháin as ceathair do tháirgí bia agus dí agus/nó táirgí seirbhísí HFSS ceadaithe ar feadh an lae craolacháin.

21.13 Ba cheart do chraoltóirí féachaint le laghdú a dhéanamh go héifeachtach ar nochtadh leanaí do chumarsáid tráchtála le haghaidh tháirgí agus/nó sheirbhís dí agus bia HFSS. Maidir leis sin, ní chraolfar cumarsáid tráchtála do na bianna agus na deochanna sin ná ní chuirfear ar fáil í i gcláir do leanaí ná thart orthu.

## 22. Cóireálacha, Táirgí agus Seirbhísí Tanaithe

22.1 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon tairiscint i gcumarsáid tráchtála cóireála, táirge nó seirbhíse do thanú (i.e. laghdú, teorannú nó rialú meáchain) ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

a) is dócha, inti féin, go dtiocfaidh éifeachtaí dochracha aisti.

b) ní bhaineann sí go díreach leis an méid seo a leanas a bhaineann le haiste bhia atá deartha i gceart.

c) ní shonraítear go soiléir léi an bealach a bhainfear an tanú amach.

22.2 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála do chóireáil, táirgí agus seirbhísí tanaithe atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí.

---

[8] In Aguisín a Dó soláthraítear forbhreathnú ar an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna glacadh ag an gCoimisiún agus conas í a chur i bhfeidhm.

22.3 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála le haghaidh bianna lena n-úsáid in aistí bia atá srianta ó thaobh fuinnimh de chun meáchan a laghdú, nach ndéanfar tagairt do ráta nó méid na cailliúna meáchain a d’fhéadfadh teacht as na bianna sin a úsáid.

22.4 Áiritheoidh craoltóir gurb amhlaidh, i gcás ina bhféadfaí cóireálacha, táirgí agus seirbhísí tanaithe a aicmiú le réasún faoi na ceannteidil in Ailt 19 agus 21 den Chód seo, atá an chumarsáid tráchtála i gcomhréir leis na forálacha faoin alt nó faoi na hailt ábhartha i dteannta forálacha faoin alt seo.

# 23. Áiseanna chun Scor den Tobac

23.1 Áiritheoidh craoltóirí go léireofar go soiléir le cumarsáid tráchtála do tháirgí nó seirbhísí lena maítear cuidiú le daoine scor den tobac nach bhfuil an táirge ná an tseirbhís éifeachtach ach amháin i gcomhar le cur i bhfeidhm dearfach neart tola an tomhaltóra.

23.2 Áiritheoidh craoltóirí nach léireofar le cumarsáid tráchtála lena maítear cuidiú le daoine scor den tobac go dtiocfar ar leigheas leis an táirge nó an tseirbhís ach go bhféadfar í a dhíriú ar ról féideartha an táirge nó na seirbhíse chun cuidiú le daoine scor den tobac.

23.3 Áiritheoidh craoltóirí, i gcás ina bhféadfaí le réasún áiseanna chun scor den tobac a aicmiú faoi na ceannteidil in Ailt 19 agus 21 den Chód seo, go mbeidh an chumarsáid tráchtála le haghaidh na n-áiseanna scoir den tobac sin i gcomhréir leis na forálacha faoin alt nó faoi na hailt ábhartha i dteannta forálacha faoin alt seo.

23.4 I bhfianaise an toirmisc ar chumarsáid tráchtála do thoitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta, áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear chun cinn í mar áiseanna scoir den tobac.

# 24. Seirbhísí agus Táirgí Airgeadais

24.1 Áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear cumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí agus táirgí airgeadais i láthair i dtéarmaí nach mbeidh míthreorach, cibé acu trí áibhéil, easnamh nó ar aon bhealach eile.

24.2 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí agus táirgí airgeadais i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn Banc Ceannais na hÉireann agus aon údarás inniúil ábhartha eile ó am go chéile.

24.3 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh ráitis nochta rialála éigeantacha agus ráitis rabhaidh i gcumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí agus táirgí airgeadais i gcomhréir leis an gCód seo.

Rialacha nach mbaineann ach leis an **raidió**

24.4 Ní chuirfear ráitis nochta rialála éigeantacha san áireamh agus uainiú fógraíochta á ríomh fad atá sé soiléir do na héisteoirí go bhfuil na ráitis sin mar chuid den chumarsáid tráchtála fhoriomlán le haghaidh táirge nó seirbhís airgeadais agus nach n-áirítear sna ráitis féin aon ábhar atá ina fhógraíocht.

# 25. Cearrbhachas

San alt seo, tá le “cearrbhachas" an bhrí a thugtar don téarma sin in Aguisín a hAon.

25.1 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála i leith cearrbhachais i gcomhréir leis na forálacha ábhartha uile den Acht um Rialáil Cearrbhachais, 2024, reachtaíocht ábhartha eile de chuid na hÉireann agus na hEorpa, agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

25.2 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála don Chrannchur Náisiúnta i gcomhréir le Cumarsáid Mhargaíochta, Fógraíocht, Promóisin agus Cód Cleachtais PR atá faofa ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

25.3 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála ach amháin maidir le heintiteas atá ceadúnaithe go cuí.

25.4 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon ní i gcumarsáid tráchtála a d’fhéadfaí a mheas gur spreagadh díreach é le cearrbhachas. Áirítear leis sin eolas a sholáthar lena mionsonraítear tairiscintí speisialta, geallta saor in aisce mar dhuaiseanna i gcomórtais, lascainí, spreagthaí chun cuairt a thabhairt ar aon bhunaíocht cearrbhachais (lena n-áirítear ar líne) nó aon tairiscint phromóisin atá beartaithe chun úsáid seirbhísí den chineál sin a spreagadh. Chun amhras a sheachaint, féadfaidh seoladh an tsoláthraí seirbhíse a bheith sa chumarsáid tráchtála chomh maith le cur síos fíorasach ar na seirbhísí atá ar fáil.

25.5 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar an méid seo a leanas le léirithe ar chearrbhachas i gcumarsáid tráchtála:

a) iompraíocht a spreagadh atá mífhreagrach go sóisialta nó a d’fhéadfadh a bheith ina cúis le díobháil airgeadais, shóisialta, shíceolaíoch nó mhothúchánach.

b) a thabhairt le fios go bhféadfaidh cearrbhachas a bheith ina réiteach ar fhadhbanna pearsanta nó gairmiúla nó ábhair imní airgeadais.

c) a thabhairt le fios go bhféadfaí tréithe pearsanta a fheabhsú nó rannchuidiú le mealladh gnéasach agus rath nó rath sóisialta mar thoradh ar chearrbhachas.

d) leanaí agus iad i mbun cearrbhachais a léiriú nó a áireamh.

25.6 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála do chearrbhachas atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí agus nach gcraolfar í i gcláir do leanaí nó thart orthu.

# 26. Seirbhísí Teileachumarsáide Ardráta

26.1 Déanfaidh craoltóirí bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid tráchtála do sheirbhísí teileachumarsáide ardráta i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha uile na hÉireann agus na hEorpa agus le rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide agus aon údarás inniúil ábhartha eile ó am go chéile.

26.2 Áiritheoidh craoltóirí go sonrófar go soiléir le cumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide ardráta na muirir uile chun na seirbhísí sin a rochtain i dtéarmaí nach bhfuil míthreorach, cibé acu trí áibhéil, easnamh nó ar aon bhealach eile.

# 27. Daoine Feasa, Seirbhísí Síceacha, etc.

27.1 Áiritheoidh craoltóirí maidir le cumarsáid tráchtála do dhaoine feasa, seirbhísí síceacha agus seirbhísí den chineál céanna, nach n-áireofar aon cheann díobh seo a leanas léi:

a) maímh go bhféadfaí imeachtaí amach anseo a thuar, seachas mar ábhar tuairime.

b) maímh go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh le daoine éagtha.

c) maímh a bhaineann le hábhair shláinte, leigheasanna, leigheas agus/nó slánú.

27.2 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála do dhaoine feasa, seirbhísí síceacha agus seirbhísí den chineál céanna atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí agus nach gcraolfar é i gcláir do leanaí ná thart orthu.

# Aguisín a hAon:
# Sainmhínithe le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí Sonracha

**Táirge Cosmaide**

Is éard is táirge cosmaide ann aon substaint nó meascán atá beartaithe lena cur nó lena chur i dteagmháil le baill sheachtracha chorp an duine (eipideirm, córas na gruaige, na hingne, na liopaí, agus na baill ghiniúna sheachtracha) nó leis na fiacla agus seiciní múcasacha chuas an bhéil, d'fhonn, go heisiach nó go príomha, iad a ghlanadh, iad a chumhrú, a ndreach a athrú, iad a chosaint, dea-bhail a choimeád orthu nó bolaithe coirp a cheartú.

**Cóireálacha agus Seirbhísí Cosmaide**

Is éard is cóireálacha agus seirbhísí cosmaide ann gnáthaimh mháinliachta nó neamh-mháinliachta inarb é an phríomhaidhm atá acu an dreach, an fheidhm agus an fholláine a athrú, a athneartú, a normalú nó a fheabhsú arna iarraidh sin don duine aonair. Is ann do na cóireálacha sin ar chúiseanna aeistéitiúla seachas leighis. I liosta nach bhfuil uileghabhálach de ghnáthaimh mháinliachta áirítear: lipeasúchán/lipidhealbhú; méadú/ardú agus laghdú cíche; feabhsú phéinis; timpeallghearradh; cur faoi scian ceartaithe cluaise; baint saille; teannadh boilg; ionphlandú liopaí, colpaí, leiceann, más agus smigeanna. I liosta nach bhfuil uileghabhálach de ghnáthaimh neamh-mháinliachta áirítear: smideadh leathbhuan; athnuachan craicinn léasair; ardú neamh-mháinliachta; micreascrabhadh deirmeach; baint tatú; baint ribí le léasar; instealltaí Botox; líontóirí deirmeacha.

**Toitín Leictreonach**

Ciallaíonn toitín leictreonach táirge is féidir a úsáid chun gal ina bhfuil nicitín a chaitheamh trí bhéalóg, nó aon chomhpháirt den táirge sin, lena n-áirítear cartús, umar agus an fheiste gan an cartús nó an t-umar. Is féidir le toitíní leictreonacha a bheith indiúscartha nó in-athlíonta trí choimeádán athlíonta agus umar, nó a bheith athlíonta le cartúis aonúsáide. Ciallaíonn coimeádán athlíonta gabhdán ina bhfuil leacht ina bhfuil nicitín, rud is féidir a úsáid chun toitín leictreonach a athlíonadh.

**Bainne Foirmle do Naíonáin**

Ciallaíonn bainne foirmle do naíonáin bia-ábhair atá beartaithe lena n-úsáid go háirithe ag naíonáin le linn na chéad mhíonna dá saol agus a chomhlíonann iad féin ceanglais chothaitheacha na naíonán sin go dtí go dtabharfar isteach beathú comhlántach iomchuí.

**Foirmle Leantach**

Ciallaíonn foirmle leantach bia-ábhair atá beartaithe lena n-úsáid go háirithe ag naíonáin nuair a thugtar isteach beathú comhlántach iomchuí agus arb é atá ann an phríomhdhúil leachta in aiste bhia atá á héagsúlú de réir a chéile do na naíonáin sin.

**Bia**

Ciallaíonn bia aon substaint nó táirge, cibé acu atá sé próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, atá sé beartaithe lena hionghabháil nó lena ionghabháil ag daoine, nó ar féidir a bheith ag súil le réasún leis go mbeidh. Le bia áirítear deoch, guma coganta agus aon substaint, lena n-áirítear uisce, atá corpraithe d'aon ghnó sa bhia agus é á mhonarú, á ullmhú nó a chóireáil. Áirítear uisce léi tar éis an phointe comhlíontachta mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2020/2984.
Le bia ní áireofar an méid seo a leanas:

- Beatha.
- ainmnithe beo mura bhfuil siad ullmhaithe lena gcur ar an margadh lena gcaitheamh ag an duine.
- plandaí sula mbaintear iad.
- táirgí íocshláinte de réir bhrí Threoir 2001/83/CE.
- cosmaidí de réir bhrí Rialachán (CE) 1223/2009.
- tobac agus táirgí tobac de réir bhrí Threoir 2014/40/AE.
- substaintí támhshuanacha nó síceatrópacha de réir bhrí Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971.
- iarmhair agus éilleáin.

**Cearrbhachas**

Ciallaíonn cearrbhachas, cibé acu i bpearsa nó trí mhodhanna cianda, gealltóireacht, cluichíocht nó rannpháirteachas i gcrannchur.

**Maíomh Sláinte**

Ciallaíonn maíomh sláinte aon mhaíomh lena luaitear, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil nasc idir catagóir bia, bia nó ceann dá chomhábhair agus an tsláinte (mar shampla, "ina chuidiú le díleá"). Ba cheart do chraoltóirí aird a thabhairt ar an sainmhíniú ar mhaíomh go laghdófar riosca galair a áirítear i rialacháin an Aontais. Ciallaíonn sé sin aon mhaíomh sláinte lena luaitear, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go laghdaítear le tomhailt catagóire bia, bia nó ceann dá chomhábhair fachtóir riosca i bhforbairt galair dhaonna.

**Bianna HFSS**

Is éard atá i gceist le bianna HFSS na bianna sin a mheastar go bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra iontu i gcomhréir leis an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe arna ghlacadh ag gCoimisiún. In Aguisín a Dó, soláthraítear forbhreathnú ar an tSamhail Próifílithe Cothaitheach agus conas í a chur i bhfeidhm.

**Feiste Leighis**

Feiste a úsáidtear chun críche leighis agus a ghníomhaíonn ar bhealach fisiciúil. Ní ghníomhaíonn sí trí mheáin chógaseolaíochta, imdhíoneolaíochta ná mheitibileacha. Bíonn feistí leighis ina gcuidiú maidir le galar, gortú nó míchumas a chosc, a thuar, nó monatóireacht, prognóis nó cóireáil a dhéanamh orthu.

**Cóireáil nó Seirbhís Leighis**

Is é an sainmhíniú a thugtar ar chóireáil nó seirbhís leighis ná cóireáil nó seirbhís a bheartaítear chun gearán, fadhb, siomptóm nó galar leighis a chosc, a leigheas nó a mhaolú. Áirítear leis sin síciatracht, síciteiripe agus comhairleoireacht.

**Táirge Íocshláinte**

Is éard is táirge íocshláinte ann aon substaint nó teaglaim de shubstaintí a chuirtear i láthair mar ní ag a bhfuil airíonna chun galar i ndaoine a chóireáil nó a chosc nó aon substaint nó teaglaim de shubstaintí a fhéadfar a úsáid nó a thabhairt do dhaoine d'fhonn feidhmeanna fiseolaíocha a athchóiriú, a cheartú nó a mhodhnú trí ghníomhaíocht chógaseolaíochta, imdhíoneolaíochta nó meitibileacha a chur i bhfeidhm, nó diagnóis leighis a dhéanamh. Leis an sainmhíniú sin áirítear cógais ar leigheas agus táirgí íocshláinte atá ar fáil ón gcógaslann nó ó chuntar an tsiopa nach féidir a dhíol ach fad a bheidh Ceadúnas um Údarú Táirge deonaithe ag an údarás inniúil ábhartha. Áirítear leis sin táirgí íocshláinte atá faoi réir aon cheanglais eile maidir le ceadúnú nó deimhniú, lena n-áirítear cógais hoiméapatacha agus luibhe thraidisiúnta. Ar mhaithe le comhiomláine, ní áirítear leis sin maímh shláinte ná chothaitheacha nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar mhaímh íocshláinte.

**Maíomh Cothaithe**

Ciallaíonn 'maíomh cothaithe' aon mhaíomh lena luaitear, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil airíonna cothaitheacha tairbhiúla ar leith ag bia mar gheall ar an méid seo a leanas:

- an fuinneamh (an luach calrach) a sholáthraíonn sé, a sholáthraíonn sé ag ráta laghdaithe nó méadaithe, nó nach soláthraíonn sé;

- na cothaithigh nó na substaintí eile atá ann, atá ann i gcionta laghdaithe nó méadaithe, nó nach bhfuil ann.

# Aguisín a Dó: Samhail Próifílithe Cothaitheach

Chun críoch an Chóid seo, ba cheart an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann do chumarsáid tráchtála le haghaidh táirge nó seirbhís ina bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra agus, dá bhrí sin, atá faoi réir srianta agus rialála. Is ann do thrí chéim chun scór iomlán bia nó dí a ríomh.

**1. Na pointí 'A' iomlána a ríomh**

Is féidir uaslíon de dheich bpointe a bhronnadh do gach cothaitheach.

Pointí 'A' iomlána = (pointí d'fhuinneamh) + (pointí do shaill sháithithe) + (pointí do shiúcraí) + (pointí do shóidiam). Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a scóráladh, de réir mhéid gach cothaithigh in 100g den bhia nó den deoch:

**Cothaithigh do Leithdháileadh Phointí 'A'**

| Pointí | Fuinneamh (kJ) | Saill Sháithithe (g) | Siúcra Iomlán (g) | Sóidiam (mg) |
|---|---|---|---|---|
| 0 | ≤ 335 | ≤ 1 | ≤ 4.5 | ≤90 |
| 1 | >335 | >1 | >4.5 | >90 |
| 2 | >670 | >2 | >9 | >180 |
| 3 | >1005 | >3 | >13.5 | >270 |
| 4 | >1340 | >4 | >18 | >360 |
| 5 | >1675 | >5 | >22.5 | >450 |
| 6 | >2010 | >6 | >27 | >540 |
| 7 | >2345 | >7 | >31 | >630 |
| 8 | >2680 | >8 | >36 | >720 |
| 9 | >3015 | >9 | >40 | >810 |
| 10 | >3350 | >10 | >45 | >900 |
| | | | | |

Má bhaineann bia nó deoch 11 phointe 'A' nó níos mó amach, ní féidir leis nó léi pointí a bhaint amach do phróitéin mura rud é go mbaineann sé nó sí 5 phointe amach freisin do thorthaí, glasraí agus cnónna.

**2. Na pointí 'C' iomlána a ríomh**

Is féidir uaslíon de chúig phointe a bhronnadh do gach cothaitheach/comhábhar bia.

Pointí 'C' iomlána = (pointí do % de thorthaí, glasraí agus ábhar cnónna) + (pointí do shnáithín [NSP nó AOAC]) + (pointí do phróitéin)

Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a baineadh amach, de réir mhéid gach cothaithigh/comhábhair bia in 100g den bhia nó den deoch: -

**Cothaithigh do Leithdháileadh Phointí 'C':**

| Pointí | Torthaí, Glasraí agus Cnónna (%) | Snáithín N&P (g) | Nó Snáithín AOAC[9] (g) | Próitéin (g) |
|---|---|---|---|---|
| 0 | ≤40 | ≤0.7 | ≤0.9 | ≤1.6 |
| 1 | >40 | >0.7 | >0.9 | >1.6 |
| 2 | >60 | >1.4 | >1.9 | >3.2 |
| 3 | - | >2.1 | >2.8 | >4.8 |
| 4 | - | >2.8 | >3.7 | >6.4 |
| 5 | >80 | >3.5 | >4.7 | >8.0 |

### 3. An scór foriomlán a ríomh

- Má bhaineann bia **níos lú ná 11 phointe 'A'** amach, is mar a leanas a ríomhtar an scór foriomlán:

Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach** ach mura mbaineann sé amach ach 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna, ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach, agus níos lú ná 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna,** ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide na pointí iomlána do shnáithín + pointí do thorthaí, glasraí agus cnónna (ní cheadaítear pointí a bhaint amach do phróitéin)

Tá **bia** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sé amach **4 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sé faoi réir srianta sa Chód.**

Tá **deoch** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sí amach **1 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sí faoi réir srianta sa Chód.**

Chun sonraí breise a fháil maidir le cur i bhfeidhm na samhla seo, féach an treoir ar leith a sholáthraíonn an Coimisiún agus atá foilsithe ar www.cnam.ie/ga.

[9] Ba cheart ceann amháin nó ceann eile de na colúin snáithín chothaithe a roghnú chun an bealach a ríomh an monaróir cion snáithín an bhia nó na dí a léiriú.